

Ceacht Péinte agus Dathanna le Ranganna 3 go dtí 4 'Sliogáin ón bhFarraige agus ón nGáirdín' Gemma Mc Girr

Snáth Curaclaim: Péint agus Dath (Curaclam Amharcealaíona Ich. 50)

Cuspóir: *Péinteáil ó bhreathnú (Ich. 50)*

Nasc: Líníocht > Líníocht ó bhreathnú (Ich. 48)

Féidearthachtaí Imeasctha:

Eolaíocht: (1) Na hainmhíthe agus na plandaí a mhaireann sa timpeallacht áitiúil a bhreathnú, a aithint agus a fhiosrú (Ich. 62)

(2) Feasacht bhreise faoi phlandaí agus ainmhíthe as timpeallachtaí níos leithne a fhorbairt (Ich. 62)

Tíreolaíocht: Bealaí a mbíonn tionchar ag airíonna nádúrtha sa timpeallacht áitiúil ar bheatha phlandaí, ainmhíthe agus daoine a bhreathnú agus a fhiosrú (Ich. 57)

Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:

Ábhair Riachtanacha: Páipéar
Pailéid
Pailéid nó plátaí breise, chun dathanna a mheascadh
Péint Ghorm (ultramairín, cian), dhearg (flanndearg, corcardhearg), bhuí (cadmiam, ócar) bhán agus dhubh
Soithigh uisce
Scuabanna éagsúla
Gloíní méadaithe
Ceirteacha J-cloth
Bailiúchán sliogán ón ngáirdín agus ón bhfarraige

Spreagadh: “Féach go géar ar na sliogáin. Cad iad na dathanna a fheiceann tú? An dathanna geala, dorcha iad? An bhfuil mórán dathanna sna sliogáin? An bhfeiceann tú tuin na ndathanna? An bhfuil patrún ann? Usáid na gloíní méadaithe chun breathnú go fíorghéar orthu. Déan cur síos ar an bpatrún/na patrúin. Cas na sliogáin timpeall i do lámha, cad iad na cruthanna a fheiceann tú? Conas a mhothaíonn an sliogán i do lámh? Déan cur síos ar an uigeacht. An féidir leat cur síos a dhéanamh ar mheáchan/neart an tsliogán?”

Gníomhaíocht: Tar éis féachaint go géar ar na sliogáin, piocann na leanaí ceann nó níos mó dá bpéintéireacht. Spreag iad chun na dathanna a mheascadh go dílis le dathanna na sliogán. Spreag iad chun na sliogáin a láimhseáil chun a gcruth agus a leochailleacht a bhrath, go háirithe na cinn ón ngáirdín. B’fhéidir gur mhaith leo go leor staidéir a dhéanamh ar na sliogáin. Nuair a bhíonn a bpéintéireachtaí críochnaithe ag na leanaí, síníonn siad iad mar a dhéanann ealaíontóirí!

Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair a bhíonn siad réidh, tabhair am dóibh chun a bpéintéireachtaí a phlé. Taitneoidh sé leo míniú a thabhairt faoin gcaoi ar chruthaigh siad réimse dathanna níos leithne trí na príomhdathanna a mheascadh, agus conas ar chruthaigh siad tuinte na ndathanna a bhí uathu. Is féidir é seo a dhéanamh le ‘Cathaoir an Ealaíontóra’ mar a dtaispeánfaidh na leanaí a gcuid péintéireachtaí ar a seal agus tuairisc a thabhairt orthu. Cuir péintéireachtaí na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó sa dorchla.

Gníomhaíochtaí breise:

D'fhéadfadh na leanaí líníochtaí de na sliogáin a dhéanamh.

Féidearthachtaí TCF: D'fhéadfadh na leanaí Dánlann Fíorúil a dhéanamh dá bpéintéireachtaí nó dá líníochtaí trí iad a scanáil agus taispeántas sleamhnán a dhéanamh astu ar ríomhaire an ranga. (D'fhéadfaí iad a ghlacadh le ceamara digiteach freisin agus iad a ionsá san fheidhmchlár Power Point).

An DVD Is Ealaíontóir Mé

a Úsáid:

Tugann na cláir *Péint agus Dath* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil agus a chloisteáil ag plé dathanna agus a dtuairimí faoi iad a mheascadh.

Nóta:

Is maith an smaoineamh é bailiúchán scuabanna de mhéideanna éagsúla a bheith agat. Bhí an rogha teaghlaigh atá ar fáil i siopaí € an-áisiúil dar liom féin mar go bhfuil raon méide ó 1" go 3" acu agus iad an-saor, timpeall €3 ar phaca 3 nó 4. Má thugann tú aire dóibh mairfidh siad i bhfad. Tá scuabanna líníochta an-úsáideach freisin chun obair an-mhín a dhéanamh.